



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

10 Meán Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú – Cinneadh 2014/512/CBES – Airteagal 2(2)(a) – Dlíne na Cúirte Breithiúnais – An abairt dheireanach den dara fomhír d’Airteagal 24(1) CAE – Airteagal 275 CFAE – Airteagal 215 CFAE – Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun maoine – Prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus *nulla poena sine lege* – Seirbhísí bróicéireachta i ndáil le hearraí míleata – Toirmeasc ar sholáthar na seirbhísí sin – Mainneachtain fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla – Cion riaracháin – Fíneáil – Coigistiú uathoibríoch na suimeanna a fuarthas mar mhalairt ar an idirbheart toirmisce)

I gCás C-351/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Tribunalul București (an Chúirt Réigiúnach, Búcairist, an Rómáin), trí bhreith an 2 Samhain 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 31 Bealtaine 2022, sna himeachtaí

Neves 77 Solutions SRL

v

Agencia Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală Antifraudă Fiscală,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal, K. Jürimäe, T. von Danwitz (Rapóirtéir), Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dhlísheomra, J.-C. Bonichot, S. Rodin, I. Jarukaitis, A. Kumin agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: K. Hötzel, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 27 Meitheamh 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Neves 77 Solutions SRL, ag S. Donescu, avocată,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

- Rialtas na Rómáine, ag E. Gane, L. Ghiță agus O.-C. Ichim, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na hOstaire, ag J. Schmoll agus E. Samoilova, i gcáil Gníomhairí, agus M. Meisel, Saineolaí
- Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag M. Bishop agus A. Ștefănuț, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag J.-F. Brakeland, M. Carpus Carcea, L. Gussetti agus Y. Marinova, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 23 Samhain 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 2(2)(a) agus Airteagail 5 agus 7 de Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 13), arna leasú le Cinneadh 2014/659/CBES ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2014 (IO 2014 L 271, lch. 54) ('Cinneadh 2014/512'), arna léamh i bhfianaise phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus *nulla poena sine lege*.
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Neves 77 Solutions SRL ('Neves'), agus an Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală Antifraudă Fiscală (an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Riarachán Cánach – an Roinn Calaoise Cánach, an Rómáin) ('ANAF') maidir le fógra sáraithe lena bhforchuirtear fineáil ar an gcuideachta sin agus coigistiú na suimeanna a fuarthas mar mhalairt ar idirbheart bróicéireachta mar gheall ar mhainneachtain, *inter alia*, Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 a chomhlíonadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

CAE agus CFAE

- 3 Tá an ceannteideal 'Forálacha Ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais [Eorpaigh] agus forálacha sonracha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála' ar Theideal V CAE. I gCaibidil 2 den teideal sin, dar teideal 'Forálacha sonracha maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála', luaitear an méid seo a leanas sa dara fomhír d'Airteagal 24(1) CAE:

'Beidh an comhbheartas eachtrach agus slándála faoi réir rialacha sonracha agus nósanna imeachta sonracha. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach agus [Comhairle an Aontais Eorpaigh], ag gníomhú dóibh d'aon toil, é a shainiú, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí. Déanfar glacadh gníomhartha reachtach a eisiáimh. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus

don Bheartas Slándála agus na Ballstáit an beartas sin a fheidhmiú i gcomhréir leis na Conarthaí. Sainítear ról shonracha Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh] sa réimse sin sna Conarthaí. Ní bheidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis na forálacha sin, seachas a dlínse chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 40 [CAE] agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinntí áirithe dá bhforáiltear sa dara mír d’Airteagal 275(CFAE).’

4 Foráiltear le hAirteagal 40 CAE, atá i gCaibidil 2 freisin:

‘Ní dhéanfaidh cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus do raon chumhachtaí na n-institiúidí dá bhforáiltear sna Conarthaí chun na hinniúlachtaí Aontais dá dtagraítear in Airteagail 3 go 6 [CAE].

Mar an gcéanna, ní dhéanfaidh cur chun feidhme na mbeartas atá liostaithe sna hAirteagail sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus do raon chumhachtaí na n-institiúidí a leagtar síos sna Conarthaí chun na hinniúlachtaí Aontais faoin gCaibidil seo a fheidhmiú.’

5 Baineann Cuid a Céig CFAE le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais. I dTeideal IV de Chuid a Céig, dar teideal ‘Bearta sriantacha’, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 215 CFAE:

‘1. Nuair a fhorálfar le cinneadh, arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V [CAE], go ndéanfar an caidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír amháin nó níos mó a bhriseadh nó a laghdú, go hiomlán nó go páirteach, glacfaidh an Chomhairle na bearta is gá, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún. Cuirfidh sí Parlaimint na hEorpa ar an eolas.

2. Nuair a fhorálfar amhlaidh le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V [CAE], féadfaidh an Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh faoin nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, in aghaidh grúpaí nó in aghaidh eintitis neamhstáit.

[...]

6 Tá forálacha institiúideacha agus airgeadais i gCuid a Sé CFAE. Teideal I de Chuid a Sé, dar teideal ‘Forálacha institiúideacha’. Tá Airteagal 275 CFAE i Roinn 5 de Theideal I, a bhaineann le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht ann:

‘Ní bheidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil leis na forálacha a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, ná maidir leis na gníomhartha a ghlacfar bunaithe ar na forálacha sin.

Ar a shon sin, beidh dlínse ag an gCúirt chun faireachán a dhéanamh maidir le comhlíonadh Airteagal 40 [CAE] agus chun rialú a thabhairt ar imeachtaí, arna dtionscnamh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa cheathrú mír d’Airteagal 263 [CFAE], a dhéanann athbhreithniú ar dhlíthiúlacht na gcinntí lena bhforáiltear do bhearta sriantacha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, arna nglacadh ag an gComhairle ar bhonn Chaibidil 2 de Theideal V [CAE].’

Cinneadh 2014/512

7 Foráiltear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/512:

‘1. Toirmisctear airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna breise lena n-aghaidh, bíodh siad de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an Rúis, go díreach nó go hindíreach, ag náisiúnaigh na mBallstát nó ó chríocha na mBallstát, nó ag úsáid a soithí brataí nó a n-aerárthaí atá cláraithe sna Ballstáit.

2. Beidh toirmeasc ar:

a) chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata a sholáthar agus le hairm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna breise lena n-aghaidh a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó atá le húsáid sa Rúis;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 5 den Chinneadh sin:

Chun tionchar na mbearta a leagtar amach sa Chinneadh seo a uasmhéadú, spreagfaidh an tAontas tríú Stáit chun bearta sriantacha a ghlacadh cosúil leis na bearta dá bhforáiltear ann.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 7 den Chinneadh sin:

‘1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh dochar dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a tionscnaíodh faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht nó aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ráthaíocht nó slánaíocht nó banna, ráthaíocht nó slánaíocht a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, cibé foirm a bheidh sé nó sí, más rud é go ndéanfaidh ceann de na páirtithe seo a leanas an t-éileamh:

a) eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b) nó (c) agus in Airteagal 1(2)(c) nó (d), nó a liostaítear in Iarscríbhinn I, II, III nó IV a ghabhann leis[;]

b) aon duine, eintiteas nó comhlacht Rúiseach eile; nó

c) aon duine, eintiteas nó comhlacht a ghníomhaíonn trí dhuine de na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo nó thar a gceann.

2. In aon imeacht chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don cheart atá ag na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an gCinneadh sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) Uimh. 833/2014

- 10 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014 L 229, lch. 1):

'Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

...

d) ciallaíonn "seirbhísí bróicéireachta":

- (i) caibidlíú nó socrú idirbheart chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, lena n-áirítear ó thríú tír chuig aon tríú tír eile, nó
- (ii) chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a dhíol nó a cheannach, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil siad lonnaithe i dtríú tíortha lena n-aistriú chuig tríú tír eile;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 11 De réir Airteagal 4(1)(a) den Rialachán sin:

'Beidh toirmeasc ar:

- a) cúnamh teicniúil a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht atá liostaithe ar an Liosta Coiteann Míleata, nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid earraí atá ar an liosta sin, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, aon eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó le húsáid sa Rúis'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) 2023/1214

- 12 Cuireadh Airteagal 1(19) de Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2023 L 159 I, lch. 1) in ionad fhoclaíocht Airteagal 4(1)(a) de Rialachán Uimh. 833/2014, agus cuireadh na focail ‘agus seirbhísí bróicéireachta’ leis, mar a leanas:

‘Beidh toirmeasc ar:

- a) cúnamh teicniúil agus seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata [...], nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis’.

Comhsheasamh 2008/944/CBES.

- 13 De réir Airteagal 12 de Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata (IO 2008 L 335, lch. 99):

‘Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh lena reachtaíocht náisiúnta onnmhairiú na teicneolaíochta agus an trealamh a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a rialú. Feidhmíonn an liosta seo mar phointe tagartha do liostaí náisiúnta teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata na mBallstát, ach nach nglacfaidh sé ionad na liostaí sin go díreach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh

- 14 An 26 Feabhra 2018, ghlac an Chomhairle leagan nua de Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (IO 2018 C 98, lch. 1), dá dtagraítear in Airteagal 12 de Chomhsheasamh 2008/944. An 18 Feabhra 2019, ghlac an Chomhairle leagan nuashonraithe den liosta sin (IO 2019 C 95, lch. 1).
- 15 Bhí liosta de threalamh leictreonach, ‘spásártha’ agus comhpháirteanna, nach sonraítear a mhalairt i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, i mír ‘ML 11’ den liosta sin, sa dá leagan sin.

Dlí na Rómáine

OUG Uimh. 202/2008

- 16 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Ordonanța de urgență a Guvernului nr. 202/2008 privind punerea în aplicare a sancțiunilor internaționale (Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 202/2008 maidir le smachtbhannaí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm) an 4 Nollaig 2008 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 825 an 8 Nollaig 2008) ('OUG Uimh. 202/2008'), mar seo a leanas:

'Leis an Reacht Éigeandála sin, rialaítear na rialacha mionsonraithe maidir le pionóis idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, ar pionóis iad a fhorchuirtear leis an méid seo a leanas:

- a) rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó gníomhartha eile arna nglacadh ar bhonn Airteagal 41 de Chairt na Náisiún Aontaithe;
- b) Rialacháin, cinntí, comhsheasaimh, gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus ionstraimí dlí eile de chuid an Aontais Eorpaigh.'

- 17 De réir Airteagal 3 de OUG Uimh. 202/2008:

'1. Tá na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) ina gceangal faoin dlí náisiúnta ar gach údarás poiblí agus institiúid phoiblí na Rómáine, agus ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha na Rómáine nó atá lonnaithe i gcríoch na Rómáine, i gcomhréir leis na rialacha lena mbunaítear córas dlí gach catagóra gníomhartha.

2. Ní fhéadfar forálacha reachtach náisiúnta a agairt chun neamhfheidhm na smachtbhannaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chosaint.'

- 18 Foráiltear le hAirteagal 7 de OUG Uimh. 202/2008:

'1. Ceanglaítear ar aon duine a bhfuil sonraí agus faisnéis a bhaineann le daoine nó eintitis ainmnithe, ar leis nó a rialaíonn maoin nó a bhfuil sonraí agus faisnéis aige a bhaineann léi, le hidirbhearta a bhaineann le maoin nó lena bhfuil daoine nó eintitis ainmnithe i gceist, é sin a chur in iúl don údarás inniúil i gcomhréir leis an Reacht Éigeandála seo a luaitear a thagann sé ar an eolas gurb ann don chás ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin.

2. Déanfaidh an t-údarás poiblí nó an institiúid phoiblí a chuirfear ar an eolas de bhun mhír 1, má chinneann sé nach údarás inniúil é nó í faoin Reacht Éigeandála seo, an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil laistigh de 24 uair an chloig. Mura féidir an t-údarás inniúil a shainaithint, cuirfear an fhaisnéis ar aghaidh chuig an Aireacht Gnóthaí Eachtracha, ina cáil mar chomhordaitheoir an choiste idirinstiúidigh dá dtagraítear in Airteagal 13.

3. Ní mór faisnéis íosta a bheith ar fáil san eolas ionas gur féidir a húdar a shainaithint agus dul i dteagmháil léi.'

- 19 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 24(1) de OUG Uimh. 202/2008:

'Maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thiocfaidh ar an eolas, tar éis dóibh caidreamh dlíthiúil a bhunú nó a bheith i staid fhíorasach maidir le haon mhaoín atá faoi réir smachtbhanna idirnáisiúnta, go bhfuil cásanna ann ina n-éilítear faisnéis nó foláireamh faoi Airteagal 7 nó Airteagal 18 faoi seach,

ceanglófar orthu, gan mhoill agus gan fógra a thabhairt roimh ré do na húdaráis inniúla, gan aon oibríocht a dhéanamh i ndáil leis an maoin sin seachas na hoibríochtaí dá bhforáiltear sa Reacht Éigeandála seo agus na húdaráis inniúla a chur ar an eolas láithreach ina leith.'

- 20 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 26(1)(b) de OUG Uimh. 202/2008:

'Is cionta riaracháin iad na cionta seo a leanas agus is inphionóis iad le fineáil idir [lei na Romáine (RON)] 10 000 agus 30 000 agus coigistiú maoin atá beartaithe don chion, a úsáidtear don chion nó a eascraíonn as an gcion:

[...]

- b) mainneachtain an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 24(1) a chomhlíonadh mura cion coiriúil é an gníomh'.

Foraitheanta Uimh. 156/208 agus Uimh. 901/2019

- 21 Rinneadh an Ordinul ministrului afacerilor externe nr. 156/2018 pentru aprobarea Listei cuprinzând produsele militare supuse regimului de control al exporturilor, importurilor și altor operațiuni (Foraithne Aireacht Gnóthaí Eachtracha Uimh. 156/2018 lena bhformheastar liosta na dtáirgí míleata atá faoi réir an chórais rialaithe onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirbhirt eile), an 18 Eanáir 2018 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 86 an 30 Eanáir 2018, 'Ordú Uimh. 156/2018'), a bhí i bhfeidhm ón 5 Márta 2018 go dtí an 4 Iúil 2019, a aisghairm agus cuireadh an Ordinul ministrului afacerilor externe nr. 901/2019 pentru aprobarea Listei cuprinzând produsele militare supuse regimului de control al exporturilor, importurilor și altor operațiuni (Foraithne Aireacht Gnóthaí Eachtracha Uimh. 901/2019 lena bhformheastar liosta na dtáirgí míleata atá faoi réir an chórais onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirbhirt eile), an 4 Meitheamh 2019 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 477 an 12 Meitheamh 2019; 'Foraithne Uimh. 901/2019'), a bhí i bhfeidhm ón 5 Iúil 2019 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2021.
- 22 Bhí liosta de threalamh leictreonach, 'spásárthaí' agus comhpháirteanna i gcatagóir 'ML 11' de na foraitheanta sin, nach gcumhdaítear ar bhealach eile leis an liosta a bunaíodh leis na foraitheanta sin.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 23 Bhí Neves, arb é a phríomhghnó bróicéireacht i ndíol táirgí eitlíochta, ina idirghabhálaí d'idirbheart idir, SFTE Spetstechnoexport ('SFTE'), cuideachta Úcránach, agus cuideachta Indiach.
- 24 An 4 Eanáir 2019, thug Neves, mar dhíoltóir, Conradh i gcrích le SFTE, mar cheannaitheoir, chun cearta úinéireachta a aistriú chuig 32 stáisiún raidió R-800L2E, atá le seachadadh chuig Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ('conradh an 4 Eanáir 2019'). An 8 Eanáir 2019, cheannaigh Neves na 32 stáisiún raidió sin ó chuideachta Phortaingéalach, ar monaraíodh 20 acu sa Rúis agus ar onnmhairíodh chuig Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha iad. Ina dhiaidh sin, arna iarraidh sin do SFTE, d'aistrigh Neves na 32 stáisiún raidió sin chuig an gcuideachta Indiach sin, a fuair iad an 31 Eanáir 2019.

- 25 Le litreacha dar dáta an 26 agus an 29 Iúil 2019, chuir an Departamentul pentru Controlul exporturilor (ANCEX) din cadrul Ministerului Afacerilor Externe (an Roinn um Rialú Onnmhairiúcháin (ANCEX) de chuid Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rómáine) ('ANCEX') in iúl do Neves gur tháinig stáisiún raidió R-800L2E faoi chatagóir ML 11 de liosta na dtáirgí míleata a formheasadh le Forathne Uimh. 901/2019, nach bhféadfaí oibríochtaí trádála a bhaineann leis na táirgí sin a dhéanamh ach amháin ar bhonn clárú agus ceadúnais arna n-eisiúint ag an roinn sin, i gcomhréir le Ordonanța de urgență a Guvernului nr. 158/1999 privind regimul de control al exporturilor, importurilor și altor operațiuni cu produse militare (Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 158/1999 maidir leis an gcóras rialaithe le haghaidh onnmhairí, allmhairí agus oibríochtaí eile le táirgí míleata), agus go bhfuil an oibríocht bhróicéireachta a bhaineann leis na stáisiún raidió sin faoi Chinneadh 2014/512.
- 26 Mar fhreagra ar na litreacha sin, chuir Neves in aghaidh cineál míleata na stáisiún raidió sin agus d'áitigh sé nach raibh Forathne Uimh. 901/2019 infheidhme tráth a seachadta. Dúirt Neves freisin nach raibh feidhm ag Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 ach an oiread, toisc nár díoladh na stáisiún raidió céanna sa Rúis, tar éis na stáisiún sin a sheachadadh chuig an India.
- 27 An 6 agus an 9 Lúnasa 2019, fuair Neves na suimeanna EUR 577 746.08 ó SFTE, trí réamhíocaíocht, agus EUR 2 407 215.32, faoi seach, trí íocaíocht le haghaidh na n-earraí a soláthraíodh i gcomhréir le conradh an 4 Eanáir 2019.
- 28 An 12 Bealtaine 2020, d'eisigh ANAF fógra sáraithe, i gcomhréir le hAirteagal 26(1)(b) de OUG Uimh. 202/2008, lena ndéantar fíneáil riaracháin de shuim lei na Romáine (RON) 30 000 (thart ar EUR 6 066) a ghearradh, go príomha, ar Neves agus, ina theannta sin, coigistiú an tsuim iomlán RON 14 113 003 (thart ar EUR 2 984 961.40), a bailíodh an 6 agus an 9 Lúnasa 2019 faoi chonradh an 4 Eanáir 2019.
- 29 Mheas ANAF gur sháraigh Neves Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 agus Airteagal 3(1), Airteagal 7(1) agus Airteagal 24(1) de OUG Uimh. 202/2008. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfógra sin, luaigh sí, *inter alia*, cé gur chuir Neves in iúl do ANCEX, i litir an 27 Meitheamh 2019, gurbh í Cónaidhm na Rúise tír thionscnaimh na stáisiún raidió, gur lean sé den chonradh sin a chomhlíonadh agus gur bhailigh sé an tsuim sin d'ainneoin na litreacha ó ANCEX an 26 agus an 29 Iúil 2019.
- 30 Thug Neves caingean chun an fógra sáraithe sin a chur ar neamhní os comhair Judecătoria Sectorului 1 București (Cúirt Chéadchéime an 1ú cheantair de Bhúcairist, an Rómáin), a dhiúltaigh don chaingean sin le breithiúnas an 2 Samhain 2020.
- 31 Tugtar an t-achomharc a rinne Neves i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Tribunalul București (an Chúirt Réigiúnach, Búcairist, an Rómáin), an chúirt a rinne an tarchur. Tá díospóid ag Neves, go príomha, go ndearna sí an cion riaracháin a d'aimsigh ANAF ina coinne agus áitíonn sí, mar mhalairt air sin, nach bhfuil an beart coigistíochta a forchuireadh uirthi mar thoradh ar an gcion sin comhréireach agus gur sárú é ar a ceart chun maoine, mar a ráthaítear le hAirteagal 1 de Phrótacal Breise Uimh. 1 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh i bPáras an 20 Márta 1952 ('an Chéad Phrótacal Breise').
- 32 Measann an chúirt a rinne an tarchur, ina cásdlí, go háirithe i mbreithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft* (C-72/15, EU:C:2017:236), nár léirigh an Chúirt Bhreithiúnais Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 go fóill, agus gur gá a shoiléiriú, go háirithe, an gceadaítear leis an ordú sin

beart coigistíochta iomlán amhail an beart atá i gceist sna príomhimeachtaí. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur maidir le comhréireacht an chinnidh sin freisin, go háirithe i bhfianaise chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

33 Sna himthosca sin, chinn Tribunalul București (an Chúirt Réigiúnach, Búcairist) bac ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

- ‘1) An féidir (Chinneadh 2014/512), go háirithe Airteagail 5 agus 7 de, a léiriú, i bhfianaise phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus (*nulla poena sine lege*), amhail go n-údaraítear leo beart náisiúnta lena gceadaítear coigistiú fáltas iomlán idirbhirt (mar phionós sibhialta) amhail an ceann dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a) de (Chinneadh 2014/512), i gcás ina gcinntear go ndearnadh gníomh a aicmítear mar chion riaracháin faoin dlí náisiúnta?
- 2) An gá Airteagal 5 de (Chinneadh 2014/512) a léiriú sa chiall go n-údaraítear do na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le coigistiú uathoibríoch aon fháltais de thoradh sárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt faoi idirbhearta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2(2)(a) de (Chinneadh 2014/512)?
- 3) An bhfuil feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 2(2)(a) de (Chinneadh 2014/512) i gcás nár allmhairíodh an t-ábhar míleata a bhí faoi réir idirbhearta bróicéireachta go fisiciúil isteach i gcríoch an Bhallstáit riamh?’

Dlínse na Cúirte

- 34 Measann Rialtais na Rómáine agus na hÍsiltíre agus an Chomhairle, faoin abairt dheireanach den dara fomhír d’Airteagal 24(1) CAE agus Airteagal 275 CFAE, nach bhfuil dlínse ag an gCúirt foráil a bhfuil feidhm ghinearálta aici a thagann faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a léiriú, ar foráil í atá mar bhonn do bhearta smachtbhanna náisiúnta, amhail Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512. Measann Neves, Rialtas na hOstaire agus an Coimisiún, dá réir sin, go bhfuil dlínse ag an gCúirt foráil den sórt sin a léiriú.
- 35 I dtaca leis sin, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil dlínse ag an gCúirt, i bprionsabal, i gcomhréir leis an abairt dheireanach den dara fomhír d’Airteagal 24(1) CAE agus leis an gcéad mhír d’Airteagal 275 CFAE maidir leis na forálacha a bhaineann le CBES ná maidir leis na gníomhartha arna nglacadh ar a mbonn. Tugtar isteach leis na forálacha sin maolú ar an riail maidir le dlínse ghinearálta a thugtar don Chúirt le hAirteagal 19 CAE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí agus na Conarthaí á léiriú agus á gcur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, nach mór iad a léiriú go sriantach (breithiúnais an 24 Meitheamh 2014, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, C-658/11, EU:C:2014:2025, míreanna 69 agus 70; an 19 Iúil 2016, *H v an Chomhairle agus páirtithe eile*, C-455/14 P, EU:C:2016:569, míreanna 39 agus 40, agus an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Bank Refah Kargaran v an Chomhairle*, C-134/19 P, EU:C:2020:793, míreanna 26 agus 32).
- 36 Ina theannta sin, leagtar síos go sainráite san abairt dheireanach den dara fomhír d’Airteagal 24(1) CAE agus sa dara mír d’Airteagal 275 CFAE dhá eisceacht ar an bprionsabal sin, eadhon dlínse na Cúirte athbhreithniú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar chomhlíonadh Airteagal 40 CAE agus, ar an dara dul síos, ar dhlíthiúlacht cinntí ón gComhairle, arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha

a bhaineann le CBES, lena bhforáiltear do bhearta sriantacha i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 60 agus 81).

- 37 Shonraigh an Chúirt, maidir le gníomhartha arna nglacadh ar bhonn forálacha a bhaineann le CBES, gurb é cineál aonair na ngníomhartha sin, i gcomhréir le foclaíocht an dara mír d’Airteagal 275 CFAE, a thugann rochtain ar Chúirteanna an Aontais Eorpaigh (breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 103 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 38 Mar sin féin, is beart a bhfuil feidhm ghinearálta aige nach gcumhdaítear leis na bearta sriantacha dá dtagraítear sa dara mír d’Airteagal 275 CFAE é Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, a sainítear a raon feidhme trí thagairt a dhéanamh ní do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha sainaitheanta, ach do chritéir oibiachtúla (féach, de réir analaí, breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle v Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, Rec, EU:C:2013:776, mír 99, agus an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 97 agus 98).
- 39 Thairis sin, i gcomhréir le cásdlí socair, níl teorainn ar bith le dlínse na Cúirte i gcás Rialachán arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 215 CFAE, lena dtugtar éifeacht do sheasaimh an Aontais Eorpaigh arna nglacadh i gcomhthéacs CBES. Is gníomhartha de chuid an Aontais Eorpaigh iad na Rialacháin sin arna nglacadh ar bhonn CFAE agus a bhfuil na cumhachtaí uile a thugtar dóibh le dlí príomha an Aontais ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh ina leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 106 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 40 Is amhlaidh atá, *inter alia*, i gcás Rialachán Uimh. 833/2014 (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 105 agus 107).
- 41 Is amhlaidh atá, ós rud é nach raibh an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta a leagtar síos in Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, atá mar bhonn leis na bearta smachtbhanna náisiúnta a fhorchuirtear ar Neves, curtha chun feidhme i Rialachán Uimh. 833/2014 tráth na bhfioras atá i gceist sna príomhimeachtaí, tagann an cheist chun cinn an bhfuil dlínse ag an gCúirt Airteagal 2(2)(a) a léiriú.
- 42 Sa chomhthéacs sin, is iomchuí scrúdú a dhéanamh an bhfuil dlínse ag an gCúirt beart sriantach a bhfuil feidhm ghinearálta aige a léiriú, amhail Airteagal 2(2)(a), i gcás nach mór an beart sin, a fheidhmíonn mar bhonn le bearta smachtbhanna náisiúnta arna bhforchur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, a bheith curtha chun feidhme i Rialachán faoi Airteagal 215 CFAE, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an bhirt sin ar leibhéal an Aontais a áirithiú.
- 43 Ar an gcéad dul síos, maidir le dlínse na Cúirte athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 40 CAE, ba cheart a thabhairt faoi deara nach leagtar síos sna Conarthaí aon riail mhionsonraithe chun athbhreithniú breithiúnach den sórt sin a dhéanamh. Sna himthosca sin, tagann an t-athbhreithniú sin faoin dlínse ghinearálta a thugtar don Chúirt le hAirteagal 19 CAE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm (breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 62). Agus foráil á déanamh don dlínse ghinearálta sin, sonraítear freisin in Airteagal 19(3)(b) CAE nach mór don Chúirt réamhrialú a thabhairt, arna iarraidh sin do na cúirteanna náisiúnta, ar léiriú dhlí an Aontais nó ar bhailíocht gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí an Aontais Eorpaigh.

- 44 I gcomhthéacs an athbhreithnithe sin, i gcomhréir leis an gcéad mhír d’Airteagal 40 CAE, ní mór don Chúirt a áirithiú nach ndéanfaidh cur chun feidhme CBES ag an gComhairle difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus raon feidhme chumhachtaí na n-institiúidí faoi seach dá bhforáiltear sna Conarthaí maidir le feidhmiú inniúlachtaí an Aontais faoi CFAE.
- 45 Is éard atá i gceist leis sin a áirithiú go háirithe, maidir le cur chun feidhme Airteagal 215 CFAE, lena mbunaítear droichead idir cuspóirí CAE in ábhair CBES agus gníomhaíochtaí an Aontais lena n-áirítear bearta sriantacha a chumhdaítear le CFAE (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Iúil 2012, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, C-130/10, EU:C:2012:472, mír 59, agus an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Bank Refah Kargaran v an Chomhairle*, C-134/19 P, EU:C:2020:793, mír 38), ní féidir leis an gComhairle dul timpeall ar dhlínse na Cúirte maidir le Rialachán faoin Airteagal sin.
- 46 I ndáil leis sin, is léir ó fhoclaíocht shoiléir Airteagal 215(1) CFAE, go háirithe ó úsáid an bhriathair ‘glacfaidh’, atá éagsúil leis na téarmaí ‘féadfaidh ... a ghlacadh’ a úsáidtear i mír 2 den Airteagal sin, gur faoin gComhairle atá sé na bearta is gá dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do chinneadh CBES lena mbunaítear seasamh an Aontais maidir leis an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír a bhriseadh nó a laghdú. Dá bhrí sin, sa chás a chumhdaítear leis an mír dheireanach sin, tá an institiúid sin i staid cumhachtaí teoranta.
- 47 Ar an dara dul síos, tá sé soiléir freisin ó chásdlí na Cúirte, maidir le gníomhartha de chuid an Aontais a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu maidir le tríú páirtithe, nach bhfuil an t-athbhreithniú breithiúnach a thugtar don Chúirt leis na Conarthaí teoranta ag aicmiú, cineál nó foirm na ngníomhartha sin. Dá bhrí sin, maidir leis an gcaingean le haghaidh neamhniú dá bhforáiltear in Airteagal 263 CFAE, i gcás ina bhféachtar leis an gcaingean sin lena áirithiú go gcomhlíonfar an dlí agus na Conarthaí á léiriú agus á gcur i bhfeidhm, tá sí ar fáil i gcás gach beart arna ghlacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, beag beann ar chineál nó foirm na mbeart sin, atá ceaptha chun éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha a bheith acu (féach, chuige sin, breithiúnais an 31 Márta 1971, *an Coimisiún v an Chomhairle*, 22/70, EU:C:1971:32, míreanna 40, 42 agus 55, agus an 14 Iúil 2022, *an Pharlaimint v an Chomhairle (Suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair)*, C-743/19, EU:C:2022:569, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 48 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo nach féidir teorainn a chur leis an dlínse a thugtar don Chúirt leis na Conarthaí chun cosaint bhreithiúnach tríú páirtithe a áirithiú toisc nach ndearna an Chomhairle na bearta uile is gá ar bhonn Airteagal 215(1) CFAE, cé go bhfuil a hinniúlacht ar an mbonn sin faoi cheangal, mar a cuireadh in iúl i mír 46 den bhreithiúnas seo.
- 49 Dá bhrí sin, ní mór an fhéidearthacht ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú dá bhforáiltear sna Conarthaí maidir le Rialachán arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 215(1) CFAE a bheith oscailte i ndáil leis na forálacha uile a bheadh le háireamh ag an gComhairle i Rialachán den sórt sin agus a bheadh mar bhonn do bheart náisiúnta lena bhforchuirtear smachtbhanna ar thríú páirtithe (féach, de réir analaí, breithiúnas an 31 Márta 1971, *an Coimisiún v an Chomhairle*, 22/70, EU:C:1971:32, míreanna 38 go 40).
- 50 Tacaítear le léiriú den sórt sin le bunchuspóir Airteagal 267 CFAE, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais ag na cúirteanna náisiúnta a áirithiú. Go deimhin, maidir le bearta a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a mbeadh sé de dhualgas ar an gComhairle iad a chur chun feidhme i Rialachán faoi Airteagal 215 CFAE, is dócha go gcuirfí isteach le héagsúlachtaí idir

cúirteanna na mBallstát maidir le léiriú ar bheart den sórt sin a bhfuil feidhm ghinearálta aige ar aontacht ord dlí an Aontais agus go mbainfí an bonn de bhuncheanglas na deimhneachta dlíthiúla (féach, de réir analaí, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 80).

- 51 Áirithítear leis an léiriú arna dhéanamh i bpointe 49 den bhreithiúnas seo freisin an comhsheasmhacht is gá sa chóras cosanta breithiúnaí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais. Mar is léir ó Airteagal 2 CAE, atá i bhforálacha coiteanna CAE, agus ó Airteagal 21 CAE, a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear in Airteagal 23 CAE, a bhaineann le CBES, tá an tAontas Eorpach fothaithe, *inter alia*, ar luach an smachta reachta. Is é croí an smachta reachta an t-athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, atá ceaptha chun comhréireacht le dlí an Aontais a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Bank Refah Kargaran v an Chomhairle*, C-134/19 P, EU:C:2020:793, míreanna 35 agus 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 52 Rannchuidíonn an nós imeachta um réamhrialú, dá bhforáiltear in Airteagal 19(3)(b) CAE agus in Airteagal 267 CFAE, arb é cloch choirnéil chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh é, ar bhealach bunriachtanach le caomhnú an luacha sin (féach, chuige sin, Tuairim 2/13 (Aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine) an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, mír 176 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 53 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, ag féachaint d’Airteagail 19, 24 agus 40 CAE agus d’Airteagal 215(1) CFAE, arna léamh i bhfianaise Airteagail 2 agus 21 CAE, go bhfuil dlínse ag an gCúirt réamhrialuithe a thabhairt, de bhun Airteagal 267 CFAE, maidir le léiriú ar bheart a bhfuil feidhm ghinearálta aige ar ghníomh arna ghlacadh ar bhonn na bhforálacha a bhaineann le CBES i gcás gur faoin gComhairle atá sé an beart sin a chur chun feidhme, atá mar bhonn do smachtbhannaí náisiúnta arna bhforchur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, i Rialachán faoi Airteagal 215 CFAE.
- 54 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór measúnú a dhéanamh ar dhlínse na Cúirte chun Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 a léiriú.
- 55 Dá bhrí sin, is gá a fhíorú an dtagann an toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta a sholáthar i ndáil le trealamh míleata, dá bhforáiltear in Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, faoi na bearta is gá, de réir bhrí Airteagal 215(1) CFAE, atá faoin gComhairle a ghlacadh, mar is léir ó mhír 46 den bhreithiúnas seo, nuair a fhoráiltear le cinneadh den sórt sin do bhriseadh nó do laghdú, go hiomlán nó go páirteach, ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír amháin nó níos mó, chun éifeacht a thabhairt don chinneadh sin.
- 56 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara go bhfuil sé beartaithe leis an toirmeasc sin srian a chur ar chumas oibreoirí eacnamaíocha oibríochtaí a thagann faoi raon feidhme CFAE a chur i gcrích, rud a fhágann nach féidir é a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais ach amháin má ghlactar Rialachán ina dhiaidh sin faoi Airteagal 215 CFAE, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach é i ngach Ballstát (féach, de réir analaí, breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company v an Chomhairle*, C-440/14 P, EU:C:2016:128, mír 54).
- 57 Tagann na hairm agus an trealamh míleata dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, chomh maith le seirbhísí gaolmhara, faoi raon feidhme CFAE. Go háirithe, mar a luaigh an Coimisiún ag an éisteacht, tagann trádáil arm, an trealaimh agus na seirbhísí sin faoi inniúlacht an Aontais faoi Airteagail 114 agus 207 CFAE. Dá bhrí sin, tá na hairm agus an trealamh sin, a áirítear i liosta comhchoiteann trealaimh mhíleata an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in

Airteagal 12 de Chomhsheasamh 2008/944 agus atá ina dtagairt do liostaí náisiúnta teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata na mBallstát, faoi réir na comhtharaife custaim, mar a dheimhnítear le Rialachán (CE) Uimh. 150/2003 ón gComhairle an 21 Eanáir 2003 lena ndéantar dleachtanna custaim ar airm agus ar threalamh míleata áirithe a chur ar fionraí (IO 2003 L 25, lch. 1).

- 58 Thairis sin, ní féidir amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin leis an rogha a thugtar do na Ballstáit in Airteagal 346(1)(b) CFAE, lena gceadaítear d'aon Bhallstát, faoi réir coinníollacha áirithe, bearta a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach chun leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint agus a bhaineann le hairm, armlón agus ábhar cogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil. Mar a d'áitigh an Coimisiún ag an éisteacht, níl an chumhacht sin de chineál lena ndéantar teorainn a chur le cumhacht imscríofa na Comhairle, a eascraíonn as Airteagal 215(1) CFAE, na bearta is gá a ghlacadh chun cur isteach nó laghdú ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír dá bhforáiltear sa chinneadh lena mbunaítear seasamh an Aontais ina leith sin a chur chun feidhme laistigh den Aontas Eorpach.
- 59 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, trí Rialachán 2023/1214 a ghlacadh, gur chuir an Chomhairle chun feidhme an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta maidir le trealamh míleata dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, lena ndeimhnítear go bhfuil beart den sórt sin mar chuid de na bearta atá le glacadh i Rialachán atá bunaithe ar Airteagal 215(1) CFAE.
- 60 Dá bhrí sin, tagann an toirmeasc sin ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta maidir le trealamh míleata faoi na bearta is gá, de réir bhrí Airteagal 215(1) CFAE, chun éifeacht a thabhairt don chinneadh sin ar leibhéal an Aontais, cinneadh a bhí le cur chun feidhme ag an gComhairle i Rialachán Uimh. 833/2014.
- 61 Dá bhrí sin, tá dlínse ag an gCúirt na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a fhreagairt.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An tríú ceist

- 62 Lena tríú ceist, ar cheart déileáil léi ar an gcéad dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta a leagtar síos san fhoráil sin fiú i gcás nár allmhairíodh an trealamh míleata is ábhar don oibríocht bhróicéireachta lena mbaineann riamh isteach i gcóir Bhallstáit.
- 63 Faoin bhforáil sin, 'tá toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata a sholáthar agus le gach cineál arm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna breise lena n-aghaidh, go díreach nó go hindíreach chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, aonán nó comhlacht sa Rúis nó atá le húsáid sa Rúis'.

- 64 Is léir ó fhoclaíocht na forála sin, go háirithe ó úsáid na bhfocal ‘go díreach nó go hindíreach’, go bhfuil feidhm fhorleathan ag an toirmeasc a leagtar síos inti, go háirithe i gcás ina soláthraítear seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le trealamh míleata do dhuine, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis, gan foráil a bheith déanta leis an bhfoclaíocht sin do choinníoll lena gceanglaítear trealamh den sórt sin a allmhairiú isteach i gcríoch Bhallstáit. De réir na foclaíochta sin, is leor na seirbhísí sin a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’oibreoir sa Rúis, gan beann ar cheann scríbe deiridh an trealamh sin, contrártha leis an méid a mhaíonn Neves.
- 65 Tacaíonn comhthéacs agus cuspóirí na rialacha ina bhfuil Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 le léiriú den sórt sin.
- 66 I ndáil leis sin, cé nach bhfuil foráil sa chinneadh sin lena sainítear an coincheap ‘seirbhísí bróicéireachta’, sainítear le Rialachán Uimh. 833/2014, lena gcuirtear an cinneadh sin chun feidhme ar leibhéal an Aontais, an coincheap sin in Airteagal 1(1)(d) de, ar léir óna fhoclaíocht nach bhforchuirtear aon choinníoll maidir le hallmhairiú na n-earraí is ábhar don oibríocht bhróicéireachta lena mbaineann isteach i gcríoch Bhallstáit.
- 67 Go deimhin, de réir na forála sin, cuimsíonn seirbhísí bróicéireachta idirbheartaíocht nó eagrú oibríochtaí d’fhonn earraí a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, ‘lena n-áirítear ó thríú tír amháin go tríú tír eile’, nó díol nó ceannach earraí ‘lena n-áirítear má tá na hearraí sin [...] lonnaithe i dtríú tíortha d’fhonn iad a aistriú go tríú tír eile’.
- 68 Ina theannta sin, leag an Chúirt béim ar a thábhachtaí atá na cuspóirí a shaothraítear le Cinneadh 2014/512 agus le Rialachán Uimh. 833/2014, eadhon iomláine chríochach, cheannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine a chosaint agus réiteach síochánta ar an ngéarchéim a chur chun cinn sa tír sin, ar cuid iad den chuspóir níos leithne an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 150).
- 69 Le léiriú Airteagal 2(2)(a) den Chinneadh sin, sa chiall go bhfuil feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach san fhoráil sin fiú i gcás ina mbaineann na seirbhísí bróicéireachta lena mbaineann le hairm agus trealamh míleata nach ndearnadh, gan beann ar a gceann scríbe deiridh, a allmhairiú isteach i gcríoch Bhallstáit, is féidir éifeachtacht an toirmisc sin a áirithiú agus rannchuidiú le baint amach chuspóirí an chinnidh sin, dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo. D’fhéadfaí dul timpeall ar thoirmeasc den sórt sin go héasca dá mba leor, chun éalú uaidh, go rachadh na hairm agus an trealamh míleata sin trí chríoch an Aontais Eorpaigh.
- 70 Leis an léiriú a leagtar amach i mír 64 den bhreithiúnas seo, is féidir comhsheasmhacht a áirithiú freisin i léiriú dhlí an Aontais, tríd an raon feidhme céanna a thabhairt don choincheap ‘seirbhísí bróicéireachta’ i ngníomhartha éagsúla a thagann faoi raon feidhme CBES.
- 71 Dá bhrí sin, ba cheart an tríú ceist a fhreagairt amhail nach mór Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta a leagtar síos san fhoráil sin fiú i gcás nár allmhairíodh an trealamh míleata is ábhar don oibríocht bhróicéireachta lena mbaineann riamh isteach i gcríoch Bhallstáit.

An chéad cheist agus an dara ceist

- 72 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur thagair an chúirt a rinne an tarchur d’Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 agus d’Airteagail 5 agus 7 den chinneadh sin lena céad cheist agus lena dara ceist, arb iomchuí déileáil leo lena chéile agus ar an dara dul síos. Mar sin féin, is léir ón iarraidh ar réamhrialú nach bhfuil Airteagail 5 ná 7 ábhartha do na fíorais atá i gceist sna príomhimeachtaí.
- 73 Ní luaitear in Airteagal 5 ach go bhfuil an tAontas Eorpach chun tríú Stáit a spreagadh chun bearta sriantacha a ghlacadh atá cosúil leis na bearta dá bhforáiltear sa chinneadh sin. Baineann Airteagal 7 le haon éileamh i ndáil le haon chonradh nó idirbheart, a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú leis na bearta arna bhforchur de bhun Chinneadh 2014/512, arna gcur isteach ag ceann de na catagóirí daoine agus eintiteas a liostaítear in Airteagal 7(1)(a) go (c). De réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, ní bhaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le héileamh den sórt sin agus ní thagann Neves faoi aon cheann de na catagóirí sin.
- 74 Ar an dara dul síos, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil an chúirt sin in amhras freisin an bhfuil beart coigistíochta, amhail an beart a forchuireadh ar Neves, comhoiriúnach leis an gceart chun maoine a ráthaítear in Airteagal 1 den Chéad Phrótacal Breise agus a chumhdaítear, i ndlíchóras an Aontais, in Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).
- 75 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, lena céad cheist agus lena dara ceist, go bunúsach, an gá Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, arna léamh i bhfianaise an chirt chun maoine a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt agus i bhfianaise phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus *nulla poena sine lege*, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar bheart náisiúnta coigistíochta ar fháltais iomlána oibríochta bróicéireachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a), a tharlaíonn, go huathoibríoch, tar éis do na húdaráis náisiúnta inniúla a chinneadh gur sáraíodh an toirmeasc ar an oibríocht sin a dhéanamh agus an oibleagáid fógra a thabhairt ina leith.
- 76 I dtaca leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, in éagmais reachtaíocht an Aontais a chomhchuihbhiú i réimse na smachtbhannaí is infheidhme i gcás neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos le réimeas a bhunaítear leis an reachtaíocht sin, ní mór do na Ballstáit, agus rogha na smachtbhannaí á coinneáil acu, a áirithiú go ndéanfar pionós a ghearradh ar sháruithe ar dhlí an Aontais faoi choinníollacha, substainteacha agus nós imeachta araon, atá cosúil leo sin is infheidhme maidir le sáruithe ar an dlí náisiúnta de chineál agus de thábhacht chomhchosúil agus a thugann, ar aon nós, cineál éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach don smachtbhanna (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Iúil 2015, *Chmielewski*, C-255/14, EU:C:2015:475, mír 21, agus an 2 Bealtaine 2018, *Scialdone*, C-574/15, EU:C:2018:295, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 77 Go háirithe, ní rachaidh na bearta pionóis dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta thar a bhfuil iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú go dlisteanach leis an reachtaíocht sin a bhaint amach nó ní mór dóibh a bheith díréireach leis na cuspóirí sin agus ní mór déine na smachtbhannaí a bheith i gcomhréir freisin le tromchúis na sáruithe ar ina leith a fhorchuirtear iad, go háirithe trí éifeacht fhíordhíspreagthach a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *Agenzia delle dogane e dei monopoli* agus *Ministero dell’Economia e delle Finanze*, C-452/20, EU:C:2022:111, míreanna 37 go 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 78 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceart chun maoine atá cumhdaithe in Airteagal 17 den Chairt, ba cheart a mheabhrú, faoi théarmaí mhír 1 den Airteagal sin, '[t]á ag gach duine an ceart chun a shealúchais nó a sealúchais arna bhfáil go dleathach a shealbhú, a úsáid, a dhiúscairt agus a thiomnú. Ní fhéadfar a shealúchais nó a sealúchais a cheilt ar dhuine ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí agus sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí, ach sin faoi réir cúiteamh cóir a íoc in am trátha mar chomhaoin ar chailleadh na sealúchas sin. Féadfar úsáid maoine a rialáil le dlí a mhéid is gá sin ar mhaithe leis an leas ginearálta'.
- 79 Mar a chinn an Chúirt cheana féin, is riail dlí é Airteagal 17 den Chairt atá beartaithe chun cearta a thabhairt do dhaoine aonair (breithiúnas an 21 Bealtaine 2019, *an Coimisiún v an Ungáir* (Ceart úsáide ar thalamh talmhaíochta), C-235/17, EU:C:2019:432, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 80 I gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt, a mhéid a bhfuil cearta inti a fhreagraíonn do chearta a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain, 1950, beidh a mbrí agus a raon feidhme mar an gcéanna leis na cinn a thugtar dóibh leis an gCoinbhinsiún sin. Ní choiscfidh an fhoráil sin dlí an Aontais ar chosaint níos forleithne a sholáthar. Dá bhrí sin, chun críocha Airteagal 17 den Chairt a léiriú, is gá cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 1 den Chéad Phrótacal Breise a chur san áireamh, lena gcumhdaítear cearta maoine a chosaint, mar thairseach cosanta íosta (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Bealtaine 2019, *an Coimisiún v an Ungáir* (Ceart úsáide ar thalamh talmhaíochta) C-235/17, EU:C:2019:432, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 81 Ós rud é gur rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go comhsheasmhach maidir le hAirteagal 1 den Chéad Phrótacal Breise, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil trí fhoráil ar leith in Airteagal 17(1) den Chairt. Leis an gcéad cheann, a chuirtear in iúl sa chéad abairt den fhoráil dheireanach sin agus ar de chineál ginearálta í, léirítear go nithiúil prionsabal na hurraime do mhaoín. Baineann an dara ceann, atá sa dara habairt den fhoráil sin, le díothú maoine agus fágann sí go bhfuil sí faoi réir coinníollacha áirithe. Maidir leis an tríú ceann, atá sa tríú habairt den fhoráil chéanna, tugann sí an chumhacht do Stáit, *inter alia*, úsáid maoine a rialáil a mhéid is gá ar mhaithe le leas an phobail. Mar sin féin, ní rialacha iad sin nach bhfuil aon bhaint acu lena chéile. Baineann an dara agus an tríú riail le samplaí sonracha de chur isteach ar an gceart chun maoine agus ní mór iad a léiriú i bhfianaise an phrionsabail a chumhdaítear sa chéad cheann de na rialacha sin (breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 38).
- 82 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, maidir le bearta coigistíochta a bhaineann le fáлтаis ó chion nó ó ghníomhaíocht neamhdhleathach nó ó ionstraimeacht a úsáideadh le haghaidh cion nach le tríú páirtí atá ag gníomhú de mheon macánta é, go gcumhdaítear iad go ginearálta leis na rialacha ar úsáid maoine, fiú má bhaineann siad maoín de dhuine, mar gheall ar a gcineál féin (féach, go háirithe, ECtHR, 24 Deireadh Fómhair 1986, *Agosi v Royaume-Uni*, CE:ECHR:1986:1024JUD000911880, § 51; ECtHR, 12 Bealtaine 2015, *Gogitidze agus páirtithe eile v an tSeoirsia*, CE:ECHR:2015:0512JUD003686205, § 94, agus ECtHR, 15 Deireadh Fómhair 2020, *Karapetyan v an tSeoirsia*, CE:ECHR:2020:1015JUD006123312, § 32).
- 83 Sa chás seo, bhain an beart coigistíochta a forchuireadh ar Neves le suim airgid a íocadh le Neves mar íocaíocht as stáisiún raidió a mheastar a bheith ina dtrealamh míleata a sheachadadh, de bhun chonradh an 4 Eanáir 2019. Leis an mbeart sin, féachtar leis an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le trealamh míleata a leagtar síos i gCinneadh 2014/512 a fhorfheidhmiú, mar bheart sriantach a bhfuil feidhm ghinearálta aige mar fhreagairt ar

ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine. Mar sin, tá baint ag an mbeart sin leis an gcosc ar airm agus trealamh míleata a cheannach agus a dhíol leis an Rúis dá bhforáiltear sa chinneadh seo agus, go ginearálta, leis na rialacha a bhaineann le trádáil arm.

- 84 Sna himthosca sin, is ionann beart coigistíochta den sórt sin agus teorannú ar fheidhmiú an chirt chun maoine, a chumhdaítear leis na rialacha maidir le húsáid maoine, de réir bhrí an tríú habairt d’Airteagal 17(1) den Chairt.
- 85 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú nach saincheart absalóideach é an ceart chun maoine a ráthaítear le hAirteagal 17 den Chairt agus go bhféadfadh feidhmiú an chirt sin a bheith faoi réir srianta a bhfuil údar leo de bharr cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2016, *Ledra Advertising agus páirtithe eile v an Coimisiún agus BCE*, C-8/15 P go C-10/15 P, EU:C:2016:701, mír 69).
- 86 Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, ní mór foráil a dhéanamh le dlí d’aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí atá aitheanta aici, a n-inneachar sár-riachtanach a urramú agus, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní mór go bhfuil gá leis agus go bhfreagraíonn sé iarbhir do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.
- 87 Ar an gcéad dul síos, foráiltear le dlí do bheart coigistíochta amhail an beart a fhorchuirtear ar Neves, de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt. Tá an beart sin bunaithe ar OUG Uimh. 202/2008 agus ar liosta náisiúnta na teicneolaíochta míleata agus an trealamh mhíleata dá dtagraítear in Airteagal 12 de Chomhsheasamh 2008/944 agus a bunaíodh, i ndáil leis an Rómáin, le Foraitheanta Uimh. 156/2018 agus Uimh. 901/2019.
- 88 Ar an dara dul síos, ós rud é, mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 82 den bhreithiúnas seo, go dtagann an beart sin faoi raon feidhme na rialacha maidir le húsáid maoine, de réir bhrí an tríú habairt d’Airteagal 17(1) den Chairt agus nach díothú maoine é, de réir bhrí an dara habairt d’Airteagal 17(1), urramaíonn sé inneachar sár-riachtanach an chirt chun maoine (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 53).
- 89 Ar an tríú dul síos, féachann an beart sin leis na cuspóirí a shaothraítear le Cinneadh 2014/512 a bhaint amach, ar chuir an Chúirt béim ar a thábhachtaí atá sé, mar a mheabhraítear i mír 68 den bhreithiúnas seo, agus, ar an gcaoi sin, comhlíonann sé cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas, de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt.
- 90 Ar an gceathrú dul síos, maidir le comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta, dealraíonn sé, ar an gcéad dul síos, gurb iomchuí an teorannú ar fheidhmiú an chirt chun maoine a eascraíonn as an mbeart céanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- 91 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú go ndearnadh an beart coigistíochta atá i gceist sna príomhimeachtaí, atá comhlántach le beart lena bhforchuirtear fineáil, tar éis d’údaráis inniúla na Rómáine a chinneadh nár comhlíonadh an toirmeasc ar oibríocht a dhéanamh i ndáil le maoín atá faoi réir pionós idirnáisiúnta, mar thoradh, sa chás seo, ar Chinneadh 2014/512, agus ar an oibleagáid na húdaráis sin a chur ar an eolas láithreach faoin oibríocht sin. Tá forchur an bhirt coigistíochta sin de chineál lena ndéantar na hoibreoírí lena mbaineann a dhíspreagadh ó na

hoibríochtaí sin a dhéanamh agus iad a spreagadh chun an toirmeasc sin agus an oibleagáid sin maidir le faisnéis a sholáthar araon a chomhlíonadh, lena n-éascaítear rialú ag údaráis inniúla na mBallstát ar idirbhearta a bhaineann leis na táirgí lena mbaineann, sa chás seo trealamh míleata.

- 92 Ina dhiaidh sin, maidir leis an ngá atá le beart coigistíochta den sórt sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é RON 30 000 (thart ar EUR 6 066) uasmhéid na fineála a leagtar síos mar phríomhs-machtbhanna faoin reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí. I bhfianaise uasteorainn íseal na fineála sin i gcomparáid leis an mbuntáiste eacnamaíoch a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis ó oibríochtaí bróicéireachta a bhaineann le trealamh míleata, ní leor an fhíneáil sin a ghearradh ach chun oibreoirí eacnamaíocha a dhíspreagadh ón toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta a sholáthar i ndáil leis an trealamh sin a shárú chomh maith leis an oibleagáid na húdaráis náisiúnta inniúla a chur ar an eolas. Léirítear é seo le himthosca na príomhchúise sna príomhimeachtaí, ós rud é, de réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, gurbh ionann an chomaoin don idirbheart bróicéireachta atá i gceist sna príomhimeachtaí agus beagnach trí mhilliún euro.
- 93 Sna himthosca sin, is cosúil gur gá coigistiú a dhéanamh ar chomaoin iomlán fháltais na hoibríochta bróicéireachta toirmiscithe chun oibreoirí eacnamaíocha a dhíspreagadh go hiarbhir agus go héifeachtach ó shárú a dhéanamh ar an toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta a sholáthar maidir le trealamh míleata.
- 94 Ar an gcaoi chéanna, is gá beart coigistíochta a ghlacadh go huathoibríoch, trí bhíthin fógra sáraithe arna tarraingt suas ag an údarás inniúil riaracháin, chun éifeachtacht iomlán an smachtbhanna mar gheall ar shárú ar an toirmeasc ar oibríocht bróicéireachta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512 agus ar an oibleagáid fógra a thabhairt faoin smachtbhanna sin araon a áirithiú, faoi réir an chirt chun leigheas éifeachtach a fháil chun go ndéanfar athbhreithniú ar dhlíthiúlacht an fhógra sáraithe sin agus chun aisíoc na suimeanna coigistithe a fháil, i gcás inarb iomchuí, go háirithe dá gcruthófaí ar deireadh nach dtagann an oibríocht lena mbaineann faoi raon feidhme an toirmisc sin.
- 95 Maidir le caingean den sórt sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 1 den Chéad Phrótocal Breise, i gcásanna ina bhforchuirtear smachtbhanna coigistíochta go neamhspleách ar chiontú coiriúil, go bhfuil sé tábhachtach go dtabharfadh na himeachtaí ina n-iomláine deis don duine lena mbaineann é féin a chosaint os comhair na n-údarás náisiúnta a d'fhorchuir an smachtbhanna sin air agus os comhair na gcúirteanna a éistean achomharc i gcoinne chinntí na n-údarás sin, ionas go bhféadfaidh siad scrúdú foriomlán a dhéanamh ar na leasanna éagsúla lena mbaineann (féach, chuige sin, ECtHR, 15 Deireadh Fómhair 2020, *Karapetyan v an tSeoirsia* CE:ECHR:2020:1015JUD006123312, § 35).
- 96 I ndáil leis sin, ní mór, *inter alia*, deis leordhóthanach a thabhairt don duine lena mbaineann a chás a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil, ionas gur féidir agóid éifeachtach a dhéanamh i gcoinne na mbeart atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2008, *Kadi agus Al Barakaat International Foundation v an Chomhairle agus an Coimisiún*, C-402/05 P agus C-415/05 P, EU:C:2008:461, mír 368).
- 97 Dá réir sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a áirithiú go bhfuil ráthaíochtaí nós imeachta leordhóthanacha ag Neves sna príomhimeachtaí, go háirithe maidir lena shuíomh gurb ann don chion riaracháin a líomhnaítear ina choinne. Go háirithe, a mhéid a dhíospóideann an chuideachta sin cineál na stáisiún raidió atá i gceist sna príomhimeachtaí mar threalamh míleata, ní mór don chúirt sin a áirithiú go dtagann na stáisiúin raidió sin faoi Liosta Comhchoiteann

Míleata an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear in Airteagal 12 de Chomhsheasamh 2008/944, a bhí mar thagairt do liosta náisiúnta an trealaimh sin arna bhunú le Foraitheanta Uimh. 156/2018 agus Uimh. 901/2019.

- 98 Faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé iad a fhíorú, is cosúil nach dtéann beart coigistíochta amhail an beart atá i gceist sna príomhimeachtaí thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú a bhaint amach.
- 99 Ar deireadh, maidir le cineál comhréireach i gciall dhocht beart den sórt sin agus, go háirithe, maidir le leordhóthanacht a dhéine maidir le tromchúis an chiona a bhfuil sé mar aidhm aige pionós a ghearradh air, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil an beart sin a bhaineann le fálaí iomlán na hoibríochta bróicéireachta toirmiscthe agus a tharlaíonn go huathoibríoch, tá méid na fineála a ghabhann leis an mbeart céanna, ar an taobh eile, inchoigeartaithe. Thairis sin, níl feidhm ag na smachtbhannaí sin ach amháin maidir le daoine a fuair amach go raibh siad i staid ina n-éilítear faisnéis nó foláireamh do na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le maoin atá faoi réir smachtbhanna idirnáisiúnta, mar is léir ó Airteagal 24(1) agus Airteagal 26(1)(b) de OUG Uimh. 202/2008. I gcás den sórt sin, ceanglaítear ar na daoine sin, gan mhoill agus gan fógra a thabhairt roimh ré do na húdaráis sin, gan aon idirbheart a dhéanamh a bhaineann leis an maoin sin seachas iad siúd dá bhforáiltear sa Reachtaíocht sin. Dírítear mar sin ar dhaoine, go feasach, a staon ón tuarascáil sin a dhéanamh nó a rinne oibríocht den sórt sin mar sin féin.
- 100 Leanann sé ó na tosca sin go ndealraíonn sé go bhfuil déine na smachtbhannaí dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta amhail an smachtbhanna atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcomhréir le tromchúis an chiona a bhfuil siad ag iarraidh pionós a ghearradh ina leith, agus tábhacht na guspóirí dlisteanacha atá á saothrú á cur san áireamh.
- 101 Dá bhrí sin, is cosúil go gcomhlíonann an teorannú ar fheidhmiú an chirt chun maoin a eascraíonn as beart coigistíochta den sórt sin prionsabal na comhréireachta agus, dá bhrí sin, go bhfuil údar leis i bhfianaise na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52(1) den Chairt, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú.
- 102 Ar an tríú dul síos, maidir le prionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla, atá ar cheann de phrionsabail ginearálta dhlí an Aontais, ceanglaítear leis an bprionsabal sin go mbeidh rialacha dlí soiléir, beacht agus intuathartha maidir lena n-éifeachtaí. Má chuirtear cosc leis an bprionsabal sin ar riail dlí nua a chur i bhfeidhm go haisghníomhach, is é sin le rá, maidir le staid a bhí ann sular tháinig sé i bhfeidhm, ceanglaítear leis an bprionsabal sin go ndéanfaí measúnú de ghnáth ar aon staid fhíorasach, mura léirítear a mhalairt go sainráite, i bhfianaise na rialacha dlí atá comhaimseartha leis (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *VYSOČINA WIND*, C-181/20, EU:C:2022:51, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 103 Maidir le prionsabal na dlíthiúlachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, ar léiriú ar leith é ar phrionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla agus atá cumhdaithe in Airteagal 49 den Chairt, tugtar le tuiscint, *inter alia*, go sainítear go soiléir sa dlí na cionta agus na pionóis dóibh chun intuathacht a áirithiú maidir le sainiú an chiona agus maidir le cinneadh an phionóis araon (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Márta 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Éifeacht dhíreach)*, C-205/20, EU:C:2022:168, mír 47, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 104 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 104 Maidir leis na prionsabail sin, níor luaigh an chúirt a rinne an tarchur ach gur mhaígh Neves nach raibh Forraithne Uimh. 901/2019, lenar bunaíodh, maidir leis an Rómáin, liosta náisiúnta na teicneolaíochta míleata agus an trealamh mhíleata dá dtagraítear in Airteagal 12 de Chomhsheasamh 2008/944, i bhfeidhm tráth na bhfóras sna príomhimeachtaí, agus mar thoradh air sin nach raibh sé infheidhme maidir leis na stáisiúin raidió atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhféadfaí a mheas, dá bhrí sin, gur trealamh míleata é a thagann faoi chatagóir ML 11 den liosta sin.
- 105 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an dáta sin, go raibh Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, lena dtoirmisctear seirbhísí bróicéireachta a sholáthar maidir leis an trealamh sin, agus Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i mír 14 den bhreithiúnas seo, i bhfeidhm. De réir na faisnéise san ordú tarchuir, dealraíonn sé go raibh catagóir ML 11 d'Fhorraithne Uimh. 901/2019, lenar aisghaireadh agus lenar ionadaíodh Forraithne Uimh. 156/2018, a bhí i bhfeidhm ón 5 Márta 2018 go dtí an 4 Iúil 2019, comhionann le catagóir ML 11 den Fhorraithne sin, agus mar thoradh air sin, mar a thug an Coimisiún faoi deara, nach ndealraíonn sé go bhfuil cur i bhfeidhm cúlghabhálach rialach dlí nua de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 102 den bhreithiúnas seo i gceist.
- 106 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, i gcomhréir le rialacha dhlí na Rómáine is infheidhme ar dháta fíricí na díospóide sna príomhimeachtaí, a dtagann a chinneadh agus a mheasúnú faoi inniúlacht na cúirte sin amháin, an bhfuil forálacha an dlí sin a chuimsíonn an liosta sin i bhfeidhm ar an dáta sin, agus ar comhlíonadh na ceanglais soiléireachta agus intuarthachta dá dtagraítear i míreanna 102 agus 103 den bhreithiúnas seo.
- 107 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist nach mór Airteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, arna léamh i bhfianaise an chirt chun maoine a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt agus i bhfianaise phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus *nulla poena sine lege*, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear bac ar bheart náisiúnta coigistíochta ar fháltais iomlána oibríochta bróicéireachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a), a tharlaíonn, go huathoibríoch, tar éis do na húdaráis náisiúnta inniúla a chinneadh gur sáraíodh an toirmeasc ar an oibríocht sin a dhéanamh agus an oibleagáid fógra a thabhairt ina leith.

Costais

- 108 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

- 1. Maidir le hAirteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, arna leasú le Cinneadh 2014/659/CBES ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2014,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta a leagtar síos san fhoráil sin fiú i gcás nár allmhairíodh an trealamh míleata is ábhar don oibríocht bhróicéireachta lena mbaineann riamh isteach i gcríoch Bhallstáit.

- 2. Maidir le hAirteagal 2(2)(a) de Chinneadh 2014/512, arna leasú le Cinneadh 2014/659, arna léamh i bhfianaise Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh chomh maith le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus *nulla poena sine lege*,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear bac ar bheart náisiúnta coigistíochta ar fháltais iomlána oibríochta bróicéireachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a), a tharlaíonn, go huathoibríoch, tar éis do na húdaráis náisiúnta inniúla a chinneadh gur sáraíodh an toirmeasc ar an oibríocht sin a dhéanamh agus an oibleagáid fógra a thabhairt ina leith.

[Sínithe]